

## Labhair Leat 010102.mp3

- R. Á: Ah, tá mise lán go barr. Ní thig liom rud ar bith eile a ithe.
- Á. An bhfuil ocras ortsa go fóill, a Bhriain? Ar mhaith leat tuilleadh milseoige?
- B. Ah bhuel, giota beag.
- R. A Bhriain, nach raibh go leor agat go fóill?
- Á. Ach, lig dó.
- B. Tá sé iontach deacair, tá a fhios agat. Tá an mhilseog thar a bheith maith. Is maith liom Pavlova go mór.
- R. Bhí an béile uilig iontach maith. Is cócaire maith thú, a Áine.
- Á. Ach ní raibh mórán ann: éasc, prátaí agus glasraí. Bhí sé furasta go leor.
- M. 'Nois. Ar mhaith le duine ar bith cáis?
- R. Níor mhaith, go raibh maith agat.
- B. Tá mo shaith agam.
- R. Is maith liom an teach seo. Cá mhéad seomraí atá ann, a Áine?
- Á. Thíos staighre, tá an cistin, seomra suí agus leithreas. Agus thuas staighre tá trí sheomra leapa agus seomra folctha. Ach tá siad uilig iontach beag. B'fhearr liomsa teach mór.
- M. Tá gairdín ar chúl a; tí chomh maith agus tá bláthanna ann agus glasraí,—ponairí, cabáistí, prátaí agus rudaí mar sin.
- B. Caidé an pictiúr sin? An é sin Clochán an Áthar
- M. Is é, cinnte. Rinne uncáil Áine sin. Tá seisean ina chónaí sa cheantar sin taobh amuigh de Phort Ruis. Tá sé maith, nach bhfuil?
- B. Tá cinnte. Caidé an t-ainm atá air?
- M. Michael Mac Alaistair an t-ainm atá air. Rugadh in Albain é ach tá sé ina chónaí anseo in Éirinn le fada, caoga bliain nó mar sin.
- R. Tá Briain iontach maith ag peinteáil fosta.
- Á. Ó, an bhfuil?
- R. Tá. Tá sé iontach maith ag peinteáil ballaí agus doirse...[gáire]...nó beidh sé roimh i bhfad.
- B. Beidh, agus tusa chomh maith.
- M. Anois, cé acu ab fhearr libh, tae nó caife?
- Á. Éist. Má nigheann tusa agus Brian na soithí, déanfaidh mise agus Róisín an tae.
- M. Och anois, ní gí sibhse na soithí. Tá sibhse níos fearr ná muidinne.
- Á. Och, gabh ar aghaidh.
- M. Oh, maith go leor. Seo, ar mhiste leat cuidiú liom, a Bhriain?
- B. Níor mhiste liom ar chor ar bith. Tog tusa na plátaí agus togfaidh mise na gloiní. Oops!
- Á. Coimhead mo ghloiní Waterford!
- M. Ó, Dia ar samhail!
- B. O, a Áine! Tá brón an domhain orm.
- Á. Maith go leor. Déanaigí sibhse an tae.